C/2026/1986

1.4.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12345 — SIRIUS / BROOKFIELD / PARADISE JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/1986)

1. An 23 Márta 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Brookfield Corporation ('Brookfield', Ceanada)

— Sirius Holdings Limited ('Sirius', Oileáin Cayman), faoi rialú Sheikh Hamad bin Jassim Al Thani (Catar),

— BREF Paradise JV L.P. ('Paradise JV', Oileáin Cayman), faoi rialú Brookfield.

Gheobhaidh Brookfield agus Sirius rialú comhpháirteach ar Paradise JV de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach urrús.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta domhanda é Brookfield. Díríonn a chuid infheistíochtaí ar chumhacht in-athnuaite agus ar an aistriú in-athnuaite, ar bhonneagar, cothromas príobháideach agus ar réadmhaoin mar aon le creidmheas corparáideach, sócmhainní réadacha agus cothromais liostaithe, léasú eitlíochta agus maoiniú speisialtachta,

— Tá Sirius faoi rialú Sheik Hamad bin Jassim Al Thani, ar leisean leasanna i ngnólachtaí éagsúla i gCatar agus ar an gcoigríoch, lena n-áirítear san earnáil réadmhaoine fáilteachais agus i ngnólachtaí seirbhísí airgeadais rialáilte éagsúla.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais Paradise JV: úinéireacht agus oibriú ionaid saoire ar a dtugtar 'Atlantis' in Paradise Island, atá lonnaithe sna Bahámaí.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12345 — SIRIUS / BROOKFIELD / PARADISE JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË